Seán F Ó Drisceoil
Gnó Mhaigh Eo

Maigh Eo

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor na dualgais seo. Níl amhras againn ach go bhfuil seo riachtanach ar na boinn seo leanas:- (a) Dea-bhéas (b) An cuspóir náisiúnta i leith na Gaeilge agus ceann de raison d'eitre an stáit (c) Athbheochan na Gaeilge ina pholasaí stáit agus é sin athdhearbhaithe ag an Rialtas (d) Stádas na Gaeilge i mBunreacht na hÉireann mar "Céad Teanga Oifigiúil" (e) Buncheart ag saoránaigh de bharr a mbua i gCogadh na Saoirse agus go stairiúil (f) Dea-shampla do shaoránaigh, cuairteoirí, cuairteoirí poitéinsiúla agus stáit eile

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor na dualgais seo.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor na dualgais seo.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Is cóir iad a leasú sa dóigh go mbeadh siad faoi córas smachtaithe chaighdeán a chinnteodh go mbainfeadh siad amach na spriocanna atá aontaithe agus dá léireodh monatóireacht nach rud siad éifeachtach, go gceartófaí an teip tré córas ar nós x% den lucht oibre a bheith líofa. Oireann na scéimeanna teanga do cheantair agus comhthéacsanna ina bhfuil daonra fíor íseal de chainteoirí líofa agus is féidir len a gcur i bhfeidhm éifeachtach a chabhrú leis an Athbheochan go ginearálta tré normalú a chur ar fáil in a leithéid de shuíomh gan costas ró mhór.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
D'fhéadfadh na scéimeanna teanga a oibriú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla sna comhthéacsanna thuasluaite ach an lucht oibre bheith traenáilte i scileanna cuirtéise teanga agus an bhainistíocht ard a bheith dhá spreagadh le tuiscint agus glacadh acu féin leis na cuspóirí atá taobh thiar den réiteach sin. Molaimíd áfach córas eile i gceantair agus comhthéacsanna ina bhfuil an t-éileamh poitéinsiúil níos mó ar nós na Gaeltachtaí agus na contaetha Gaeltachta. Bheadh muid ag moladh córas earcaíochta x% den lucht oibre a bheith líofa sa dá chás san le gach oibrí a bhíonn ag deileáil leis an phobal a bheith líofa i gcás na Gaeltachta agus i gcás na gcontaetha Gaeltachta, % den lucht oibre gur ionann é leis an méid líofachta (cumas) atá léirithe sa daonáireamh.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

Tá agus níl. Bíonn seirbhís trí Ghaeilge den scoth ar fáil sna Gaeltachtaí ó leithéidí Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, na comharcumainn agus comhlachtaí pobal-bunaithe eile sa Ghaeltacht. Tugaim an teideal 'seirbhís trí Ghaeilge gan cheist' ar sin mar ní gá é a iarraidh nó a lorg - is leor do bhéal a oscailt agus freagraíonn siad sa teanga oifigiúil céanna. Ní ionann leis na comhlachtaí poiblí ón taobh amuigh den Ghaeltacht áit a bhfuil tuairim an an duine Gaeltachta go minic go bhfuil siad faoi drogall agus strus fiú nuair atá gnó trí Ghaeilge indéanta. Is minic a n-athraíonn an duine Gaeltachta a rinne gnó trí Ghaeilge le Údarás na Gaeltachta a iompar teanga nuair a shiúlann sé/sí isteach in oifig Chomhairle Chontae sa Ghalltacht mar go bhfeiceann sé go bhfuil dua ag baint leis. D'fhéadfaí teacht thar na faidhbe seo leis na fóirne a oiliúnt sa chuirtéis teanga.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Más oifig é atá ag g freastal ar Pobal na Gaeltachta agus gan seirbhís a bheith dhá chur ar fáil acu sa Ghaeltacht tré oifig, fo-oifig nó oifigeach a bheith ar fáil ann le caighdeán seirbhíse dothaineach, ba chóir socrú a dhéanamh go mbeadh an chaighdeán seo ar fáil san oifig caoi taobh amuigh den Ghaeltacht. Mar mhalairt ar sin, is féidir an t-seirbhís trí Ghaeilge a dheileagádú go eagraíocht sa Ghaeltacht a bheadh in ann an chaighdeán seo a chur ar fáil ina oifig ann. Níl aon cheist faoi éileamh sa Ghaeltacht mar tá sé cruthaithe cheana féin go bhfuil sé ann nuair atá caighdeán na seirbhíse dothaineach ! Dá bhrí sin, is é caighdeán na seirbhíse atá inglactha ag Pobal na Gaeltachta le go mbeidh siad sásta gnó trí Ghaeilge a dhéanamh an cheist atá le socrú. Molaimíd mar a luadh i 5a thuas gurb é an chaighdeán seirbhíse a bheadh le shocrú ná 'seirbhís trí Ghaeilge gan cheist' nuair atá freastal dhá dhéanamh ar an bpobal seo, bíodh an oifig 'Gaeltachta' seo lonnaithe taobh istigh nó taobh amuigh den Ghaeltacht.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Is gá fo-chonraí & socruithe deileagádaithe a thabhairt faoin Acht. Luíonn sé le réasún nach cealltar dualgaisí reachtúla nuair a chuirtear cur i bhfeidhm a ról amach ar fho-chonradh nó tré deileagádú.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Is gá iad a neartú ó thaobh neamhspleáchais de de bharr go mbeadh sé ag déanamh briethiúnais ar eagríochtaí agus rannaí stáit a bheadh níos airde agus níos cumhachtaí ná Oifig an Choimisinéara Teanga. Ní bheadh sé in ann a ról a chomhlíonadh in iomlán muna mbeadh sé neamhspleách. Ba chóir freisin béim a chur ar chúrsaí chaighdeáin a fheabhsú ó thaobh chaighdeán na seirbhíse trí Ghaeilge de. Molaimíd córas Marc-Q (Q-Mark) a chur i bhfeidhm a spreagfadh na comhlachtaí poiblí.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Ba chóir go mbeadh ról láidir ag Oifig an Choimisinéara Teanga ag monatóireacht aon phlean náisiúnta teanga agus ba chóir go mbeadh a chomhairle tógtha ó thaobh forbairtí agus polasaithe náisiúnta agus réigiúnacha a chuirfeadh leas na Gaeilge sa Ghaeltacht i mbaol.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Teastaíonn uainn bheith in ann ár ngnó le chomhlachtaí poiblí a dhéanamh trí Ghaeilge gan dua.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Tá sé indéanta seirbhísí ar chomhchaighdeán le Béarla a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí ach an toil agus tuiscint a bheith ann. Mar a fhaigheann saoistí amach nuair a fhaigheann siad oiliúnt i saoisteacht, níl na fadhbanna chomh mór is a bhreathnaíonn siad ón a oifig féin agus cuidíonn cumarsáid agus comh-oibriú maith idir na pártaithe leis na deachrachtaí a réiteach. Tá faighte amach againn féin agus muid ag forbairt an chúrsa 'Cuirtéis Teanga' gurb iad teannas teanga a laghdú agus

spreagadh a chothú ag an barr-léibhéal na tascanna is mó leis na constaicí nó na deacrachtaí a bhrú amach as an tslí.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

De bharr go bhfuil seirbhís trí Ghaeilge den scoth ar fáil sna Gaeltachtaí agus éileamh air cothaithe dá bharr, molaimíd go mbeadh ról lárnach ag an Ghaeltacht ag cabhrú leis an Rialtas seirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de a bhaint amach. Tá trí bealaí thuasluaite le seo a bhaint amach:- * an t-seirbhís trí Ghaeilge a dheileagádú go eagraíocht sa Ghaeltacht * teimpléid aistriúcháin agus oiliúna atá ann cheana féin sa Ghaeltacht a úsáid * glao-ionaid lonnaithe sa Ghaeltacht a úsáid